A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Beatha agus sláinte ó Fhoireann na Gaeilge, Iar-bhunscoile. Go raibh maith agat as clárú le cor poist a fháil uainn. Táimid ag druidim i dtreo na Nollag um an dtaca seo agus ba bhreá linn an deis seo a thapú roinnt eolais i dtaobh an teagaisc agus na foghlama a chur faoi do bhráid.

## Tionól Teagaisc 2024

Bhí lá den scoth ag múinteoirí na tíre a d'fhreastail ar Thionól Teagaisc 2024 in Óstán Killeshin, Port Laoise ar an 9ú Samhain. Deis iontach a bhí ann do mhúinteoirí Gaeilge T1 agus T2 chun ceiliúradh a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna a bhaineann le teagasc agus foghlaim na teanga. Gabhann Foireann na Gaeilge, Iar-bhunscoil buíochas ó chroí dóibh siúd a d'fhreastail ar an lá, agus tá súil againn gur bhain sibh idir thaitneamh agus thairbhe as. Ba mhór an onóir dúinn cleachtais nuálacha agus cruthaitheacha mhúinteoirí a fheiceáil ag an Tionól Teagaisc i mbliana. Léirigh siad samhlaíocht, paisean agus tiomantas don teagasc, agus ba mhór an inspioráid é an éagsúlacht cur chuige a tháinig óna gcomhthéacsanna féin. Tréaslaímid freisin le gach duine a ghlac seastán. Beidh tuilleadh eolais faoi Tionól Teagaisc 2025 ar fáil go luath.



## Ciorclán 0086/2024

Tá Ciorclán 0086/2024 eisithe ag an Roinn Oideachais ina bhfuil cur síos ann ar an ábhar dualgais don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach i Scoileanna T1 agus T2 do chohóirt scoláirí a théann faoin Scrúdú Deiridh in 2027, 2028, agus 2029. Tá nasc le fáil anseo.

## Liosta Téacsanna Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2

Tá Liostaí litríochta leasuithe don chéad bhliain (T1 agus T2) le cur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh eisithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

## Ábhar Tacaíochta 'Eoinín na nÉan'

Tá acmhainn nua do Ghaeilge na hArdteistiméireachta ó 2025 curtha le chéile ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta bunaithe ar an ngearrscannán 'Eoinín na nÉan'. Seo acmhainn nua do mhúinteoirí agus scoláirí agus iad ag dul i ngleic leis an ngearrscannán do Phrós Comónta Ainmnithe do

Ghaeilge na hArdteistiméireachta (mar a fógraíodh i gCiorclán 0070/2024). Cliceáil anseo le tuilleadh eolais a fháil.

**Riachtanais Speisialta Oideachais**

Tá treoirlínte RSO agus doiciméid tacaíochta chun cabhrú le scoileanna tacaíocht a thabhairt do Leanaí/Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu eisithe ag an Roinn Oideachais le déanaí. Cliceáil anseo le tuilleadh eolais a fháil.

**Nóta eolais faoin tSraith Shinsearach ón CNCM**



D'eisigh an Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) nóta eolais anuraidh faoi Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Tugann an nóta eolais léargas ginearálta ar an Tuarascáil Chomhairliúcháin agus ar na chéad chéimeanna eile do Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Is féidir an nóta eolais a léamh trí chliceáil anseo.

**Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí- Nóta faisnéise do scoileanna**

Tá an t-ochtú heagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí eisithe agus ar fáil ag an nasc seo.

**Cúinne Léitheoireachta**

Leabhar na míosa an mhí seo ná 'An Nollaig Thiar' le Breandán Ó hEithir atá mar rogha don phrós ainmnithe breise ar ábhar dualgais na hArdteistiméireachta (Ciorclán 0070/2024). Caitheamh maoithneach i ndiaidh laethanta a óige é an t-úrscéal *An Nollaig Thiar* le Breandán Ó hEithir. Déanann an dírbheathaisnéis ghairid seo cur síos cuimsitheach agus corraitheach ar na Nollaigí caite aige ag fás aníos in Árainn sna 1940idí. Déanann Ó hEithir cur síos spleodrach ar ullmhúcháin na Nollag, rud atá ábhartha go maith an t-am seo den bhliain. Is seoid de scéal é agus bhainfeadh idir óg agus aosta taitneamh as.

Guíonn Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile gach sonas ort le linn fhéile na Nollag agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an tsaoire. Tréaslaímid ó chroí leat as ucht na díograise agus na dúthrachta ó thus na scoilbhliana seo.




Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,

Foireann Gaeilge, Iar-bhunleibhéal, Oide.